AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2021
COM(2021) 16 final/2

2021/0007 (NLE)

CORRIGENDUM
This document replaces COM(2021)16 final of 12.1.2021
Some parts were left in English
Concerns only the Irish version

The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar Ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhaineann le Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 Roinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i ndáil le Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'). Ghlac Comhairle ICAO an leasú sin an 23 Meitheamh 2020.

Baineann Leasú 28 leis na rialacha maidir le próiseáil sonraí a bhaineann le Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), rialacha a dtugtar aghaidh orthu i Roinn D, Caibidil 9 d'Iarscríbhinn 9.

Is éard atá i sonraí PNR sonraí pearsanta paisinéirí a bhailíonn aerlínte chun críocha gnó, murab ionann agus sonraí eile a bhaineann le taisteal a bhailíonn siad thar ceann na n-údarás, sonraí ar nós réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API). Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann údaráis forfheidhmithe dlí ar fud an domhain as na sonraí PNR a aistríonn aerlínte chucu chun an sceimhlitheoireacht agus cineálacha eile coireachta tromchúisí a chomhrac.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago')

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Chicago aeriompar idirnáisiúnta a rialáil. Tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947 agus bunaíodh leis an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, nó ICAO.

Tá Ballstáit uile an Aontais ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é ICAO. Is iad cuspóirí na hEagraíochta prionsabail agus teicníochtaí na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid ICAO í Comhairle ICAO, comhairle a bhfuil 36 Stát Chonarthacha ina gcomhaltaí inti agus na comhaltaí sin tofa ag Tionól ICAO le haghaidh téarma trí bliana. Le haghaidh na tréimhse 2019-2022, déantar ionadaíocht ar sheacht mBallstát de chuid an Aontais i gComhairle ICAO[1].

Feidhmeanna sainordaitheacha Chomhairle ICAO a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, áirítear orthu Caighdeáin agus Cleachtais Mholta idirnáisiúnta (ar a dtugtar SARPanna freisin) a ghlacadh, rudaí a ainmnítear mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Sonraí a meastar go bhfuil gá lena gcur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, sin é is caighdeáin ann, ach ní rud éigeantach atá i gCleachtais Mholta.

Déanann Comhairle ICAO an Tionól a thionól freisin, agus is é sin comhlacht ceannasach ICAO. Tagann Tionól ICAO le chéile uair amháin ar a laghad gach trí bliana agus leagann sé síos treoir pholaitiúil na hEagraíochta do na chéad trí bliana eile. Reáchtáladh an 40ú Seisiún de Thionól ICAO idir an 24 Meán Fómhair agus an 4 Deireadh Fómhair 2019 in Montréal, Ceanada.

[1] Is iad sin an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír agus an Spáinn.

2.3. An próiseas maidir le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta ICAO (SARPanna) a uasdátú ar PNR

Mionsaothrú Caighdeáin idirnáisiúnta agus Cleachtas Molta (SARPanna) nua maidir le PNR, tá sé fréamhaithe i Rún 2396 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 21 Nollaig 2017[2]. Leis an Rún sin cuirtear de cheangal ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe *'an cumas a fhorbairt sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus anailís a dhéanamh orthu, ar mhaithe le caighdeáin agus cleachtais mholta ICAOI a chur chun cinn, agus a áirithiú go n-urramófar cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha go hiomlán in úsáid sonraí PNR ag a n-údarás inniúil náisiúnta ar fad agus i roinnt sonraí PNR leo'*. Ina theannta sin tathantaítear ar ICAO ann *'oibriú lena chuid Ballstát chun caighdeán a bhunú maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint'*.

Dréachtú tograí maidir leis na SARPanna PNR a athbhreithniú, cuireadh sin de chúram ar ghrúpa saineolaithe, mar atá Tascfhórsa PNR ICAO, a bhunaigh Coiste Aeriompair ICAO (ATC) i Márta 2019. Tugadh obair an Tascfhórsa chun críche i Nollaig 2019 agus rinne Painéal Éascaithe ICAO athbhreithniú air in Eanáir 2020.

D'fhormhuinigh ATC na tograí ó Phainéal Éascaithe ICAO an 7 Feabhra 2020. Ina dhiaidh sin, chuathas i gcomhairle go foirmiúil le Ballstáit ICAO trí bhíthin litir Stáit 2020 14E ó ICAO. Tugadh an comhairliúchán Stáit chun críche an 15 Bealtaine 2020.

Tar éis an chomhairliúcháin Stáit, rinne Rúnaíocht ICAO anailís ar na freagairtí a fuarthas ó na Stáit agus chuir sí togra faoi bhráid ATC. Bhí an togra ón Rúnaíocht beagnach mar an gcéanna leis an toradh a bhí ar chruinniú an Pháinéil Éascaithe in Eanáir 2020. Ar an gcaoi chéanna, ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Meitheamh 2019, mhol ATC do Chomhairle ICAO na SARPanna PNR a ghlacadh de réir mar a chuir an Rúnaíocht i láthair iad, gan ach mioncheartúcháin a dhéanamh orthu.

An 23 Meitheamh 2020, le linn an Deichiú Cruinniú dá 220ú Seisiún, ghlac Comhairle ICAO Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Mar a tugadh faoi deara thuas, leagtar síos in Iarscríbhinn 9 caighdeáin idirnáisiúnta maidir le héascú agus i gCaibidil 9 inti, baineann Roinn D go sonrach le PNR.

An 17 Iúil 2020, chuir ICAO a Bhallstáit ar an eolas faoi ghlacadh Leasú 28 trí litir Stáit eile (CE 6/3-20/71). Tháinig an Leasú i bhfeidhm an 30 Deireadh Fómhair 2020, mura rud é go gcláróidh tromlach na Stát a ndímheas faoin dáta sin i gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago. Beidh an Leasú infheidhme ón 28 Feabhra 2021. Mar sin féin, féadfaidh Ballstáit ICAO fógra a thabhairt, faoin 30 Eanáir 2020, faoi aon difríocht idir a rialacháin agus cleachtais náisiúnta iad sin atá chumhdaítear sna Caighdeáin a leagtar síos le Leasú 28 má mheasann siad go bhfuil difríochtaí áirithe idir a rialacháin nó cleachtais bhaile agus aon cheann de na Caighdeáin. Ní mór an fógra sin a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago agus an sásra is infheidhme maidir le difríochtaí a chomhdú.

2.4. Gnéithe PNR de Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9

Le Leasú 28, má tá sé éifeachtach, cuirfear SARPanna nua 9.23-9.38 in ionad Chaighdeáin 9.22-9.22.1 agus Chleachtas Molta 9.23 atá ann cheana. Tá na SARPanna sin i bhfad níos mionsonraithe ná an creat atá ann cheana, agus cumhdaítear na nithe seo a leanas leo, i measc gnéithe eile a bhaineann leis an teorannú de réir cuspóra – an mhaoirseacht,

[2] Rún 2396 (2017) ón gComhairle Slándála an 21 Nollaig 2017 maidir le bagairtí ar shíocháin agus slándáil idirnáisiúnta de bharr trodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha a bheith ag filleadh.

cearta an duine is ábhar do na sonraí, an modh tarchurtha, coinneáil sonraí, próiseáil sonraí íogaire agus an caidreamh idir Stáit Chonarthacha Choinbhinsiún Chicago maidir le haistrithe sonraí PNR. Cuid den treoir neamhcheangailteach a sholáthraítear i nDoiciméad ICAO 9944 lena leagtar amach treoirlínte maidir le sonraí PNR[3], rinneadh é a uasghrádú de réir na gCaighdéan nua.

Le Caighdeán 9.23 cuirtear de cheangal ar na Stáit chonarthacha forbairt a dhéanamh ar an gcumas PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint, agus na rialacha maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an chumais sin sa chreat inmheánach dlí agus riaracháin is iomchuí, iad a aistriú i gcomhréir leis na SARPanna. Forbairt na n-acmhainní próiseála PNR a bheith éigeantach, tá sin i gcomhréir le Rún 2396 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Le Caighdeán 9.24 cuirtear de cheangal ar Stáit chonarthacha, agus cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha á gcomhlíonadh go hiomlán, na sonraí PNR atá le húsáid ina gcuid oibríochtaí a shainaithint go soiléir agus na cuspóirí a leagan síos go soiléir a bhféadfaidh na húdaráis sonraí PNR a úsáid lena n-aghaidh. Níor cheart do na críocha sin, lena n-áirítear, go háirithe, críocha slándála teorann chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, níor cheart dóibh a bheith níos leithne ná mar is gá. Ina theannta sin, nochtadh sonraí PNR laistigh den Stát glacaidh nó i dtíortha eile, ba cheart é a theorannú d'údaráis inniúla a fheidhmíonn feidhmeanna iomchuí a bhaineann leis na críocha a ndéantar sonraí PNR a phróiseáil chucu. Ina theannta sin ba cheart do na húdaráis sin cosaintí a áirithiú is inchomparáide leis na cosaintí a thugann an t-údarás nochta.

Le Caighdeán 9.25 bunaítear ceanglais a bhaineann le slándáil sonraí agus cearta daoine aonair i ndáil le próiseáil a gcuid sonraí PNR, lena n-áirítear maidir le neamh-idirdhealú, soláthar faisnéise, sásamh riaracháin agus sásamh breithiúnach, rochtain ar shonraí agus an fhéidearthacht ceartúcháin, scriosadh nó nodaireachtaí a iarraidh. Le Cleachtais 26 spreagtar Stáit chun fógra a thabhairt do dhaoine aonair maidir le próiseáil a gcuid sonraí PNR agus leis na cearta agus na modhanna sásaimh a thugtar dóibh.

Le Caighdeán 9.27 cuirtear de cheangal ar Stáit chonarthacha uathphróiseáil sonraí PNR a bhunú ar chritéir oibiachtúla, bheachta agus iontaofa a léiríonn go héifeachtach go bhfuil riosca ann, gan difreáil neamhdhleathach a bheith ann, agus staonadh ó chinntí a dhéanamh as a n-eascróidh gníomhaíochtaí díobhálacha suntasacha a mbeadh tionchar acu ar leas dlíthiúil an duine aonair agus iad bunaithe go hiomlán ar uathphróiseáil sonraí PNR.

Faoi Chaighdeán 9.28, ceanglaítear ar Stáit údarás inniúil intíre amháin nó níos mó a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht acu maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar chosaint sonraí PNR agus a chinneadh an bhfuil sonraí PNR á mbailiú, á n-úsáid, á bpróiseáil agus á gcosaint agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha.

Le Caighdeán 9.29 cuirtear cosc ar Stáit ceangal a chur ar aerlínte sonraí PNR a bhailiú nach bhfuil ag teastáil mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta oibriúcháin, nó na sonraí sin a scagadh sula ndéantar iad a tharchur. Toirmisctear leis freisin sonraí íogaire a phróiseáil – is é sin, sonraí PNR lena nochtar tionscnamh ciníoch nó eitneach duine aonair, a thuairimí polaitiúla, a chreideamh reiligiúnach nó fealsúnach, a bhallraíocht i gceardchumann nó sonraí a bhaineann lena shláinte, a shaol gnéis nó a ghnéaschlaonadh – ach amháin i gcúinsí eisceachtúla láithreacha chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint. Sa chás go dtarchuirtear sonraí den sórt sin, ceanglaítear ar Stáit iad a scriosadh a luaithe is féidir.

[3] ICAO, Treoirlínte maidir le Sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí, An Chéad Eagrán – 2010.

I gCaighdeán 9.30 leagtar síos oibleagáidí i ndáil le sonraí a choinneáil agus sonraí PNR a dhíphearsantú agus a athphearsantú, lena gceanglaítear ar Stáit gan na sonraí a choinneáil ach ar feadh tréimhse réamhshocraithe faoi mar a shainmhínítear ina gcreat dlíthiúil agus riaracháin, arb í a bheidh inti an tréimhse atá riachtanach agus comhréireach chun na gcríoch dá n-úsáidtear na sonraí PNR, agus iad a mhascadh tar éis tréimhse bhunaithe. I ndiaidh mascaithe, níor cheart go mbeifí in ann athphearsantú a dhéanamh ach amháin nuair a bheidh na sonraí le húsáid i ndáil le cás, bagairt nó riosca leanúnach a bhaineann leis na críocha ar chucu is féidir sonraí PNR a phróiseáil. Moltar i gCleachtas 9.32 go mbeadh uastréimhse choinneála cúig bliana ann agus moltar i gCleachtas Molta 9.33 gur cheart sonraí PNR a dhíphearsantú laistigh de shé mhí agus tráth nach déanaí ná dhá bhliain ón uair a aistríonn aerlínte iad.

Le Caighdeán 9.33 leagtar síos gur tríd an mbrúmhodh ba cheart sonraí PNR a tharchur de ghnáth, modh lena mbaineann sárú príobháideachais níos lú. Féachann sé freisin leis an ualach ar aeriompróirí a íoslaghdú trí theorainn a chur le cumas na Stát fíneálacha a ghearradh i leith earráidí tarchuir in imthosca áirithe agus trína cheangal orthu líon na n-amanna brú a theorannú.

Le Caighdeán 9.34(a) cuirtear de cheangal ar Stáit chonarthacha gan bac ná cosc a chur ar aistriú sonraí PNR chuig Stát conarthach eile a chomhlíonann na caighdeáin nua. Ag an am céanna, foráiltear le Caighdeán 9.34(b) go gcoinneoidh Stáit chonarthacha ICAO an cumas leibhéil níos airde cosanta a thabhairt isteach nó a choinneáil maidir le sonraí PNR, i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil intíre, agus socruithe breise a dhéanamh le Stáit eile, go háirithe, d'fhonn a gceanglais dhlíthiúla inmheánacha a chomhlíonadh, nó forálacha níos mionsonraithe a bhunú maidir le próiseáil agus aistriú sonraí PNR ar choinníoll nach mbeidh na bearta sin ar neamhréir leis na Caighdeáin ar shlí eile.

Faoi Chaighdeán 9.35, féadfar glaoch ar Stáit chonarthacha a léiriú go bhfuil na Caighdeáin nua á gcomhlíonadh acu arna iarraidh sin ag Stát eile. I gcás ina gcinnfidh Stáit chonarthacha go gcaithfidh siad bac a chur ar aistriú sonraí PNR nó fíneáil a ghearradh ar aeriompróir, cuirtear de cheangal orthu le Caighdeán 9.36 é sin a dhéanamh ar bhealach trédhearcach agus le rún an cás an réiteach.

Le Cleachtais Mholta 9.37 spreagtar Stáit chun fógra a thabhairt do dhaoine eile a choinníonn aerthaisteal leo faoi aon athruithe suntasacha ar a gclár PNR, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh na SARPanna. Moltar i gCleachtas 9.38 nach ngearrfar pionós ar aeriompróirí agus iad ag iarraidh díospóidí maidir le haistrithe sonraí PNR a réiteach.

2.5. An creat dlíthiúil de chuid an Aontais is infheidhme

Is ionstraim riachtanach i bhfreagairt chomhchoiteann an Aontais ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht thromchúiseach é sonraí PNR a phróiseáil agus is bunchloch den Aontas Slándála é sin. Is léir go bhfuil sé ríthábhachtach patrúin amhrasacha taistil a shainaithint agus a rianú trí PNR a phróiseáil chun fianaise a bhailiú agus, i gcás inarb ábhartha, chun comhpháirtithe coirpeach agus líonraí coiriúla taistil a aimsiú chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ag an am céanna, is ionann sonraí PNR a phróiseáil agus cur isteach ar na cearta chun príobháideachta agus chun sonraí pearsanta a chosaint faoi mar a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, dá bhrí sin, déanfar foráil le dlí maidir leis, foráil lena n-urramófar bunbhrí na gceart lena mbaineann, agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní cheadófar é ach a mhéid is gá agus a dhéanfaidh go fírinneach cuspóir a bhaint amach ar de leas ginearálta an Aontais é nó a fhreagraíodh go fírinneach don ghá cearta

agus saoirsí daoine eile a chosaint. Cuspóir amháin den sórt sin is ea saoránaigh a chosaint ar mhórbhagairtí slándála.

An 27 Aibreán 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh[4]. Leis an Treoir seo, cuirtear ar chumas na n-údarás náisiúnta a cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú, agus ag an am céanna coimircí a chur ar fáil do chearta daoine aonair maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí. Ba é an 25 Bealtaine 2018 an spriocdháta do na Ballstáit chun an reachtaíocht a thrasuí sa dlí náisiúnta. An t-athbhreithniú[5]ar an gcéad dá bhliain de chur i bhfeidhm na Treorach a rinneadh in 2020, léiríodh ann go raibh torthaí nithiúla ar phróiseáil sonraí PNR ó thaobh an sceimhlitheoireacht agus an choireachta tromchúiseach a chomhrac.

Chomh maith leis sin, in Aibreáin 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacha nua AE maidir le cosaint sonraí: Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó RGCS[6]) agus Treoir (AE) 2016/680 (maidir le cosaint sonraí in earnáil fhorfheidhmiú an dlí[7]). I measc nithe eile, leagtar síos le RGCS rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta is infheidhme maidir le tarchur sonraí PNR ag aeriompróirí. Le Treoir (AE) 2016/680, rialaítear an phróiseáil a dhéanann údaráis forfheidhmithe dlí ar shonraí pearsanta agus comhlánaítear córas Threoir (AE) 2016/681 maidir le gnéithe ar nós chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí agus aistriú sonraí de réir an cháis chuig údaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha.

Tá dhá chomhaontú idirnáisiúnta i bhfeidhm faoi láthair idir an tAontas agus tríú tíortha (mar atá an Astráil[8] agus na Stáit Aontaithe[9]) maidir le sonraí PNR a phróiseáil agus a aistriú. An 26 Iúil 2017 d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh Tuairim (dá ngairfear Tuairim 1/15[10] anseo feasta) maidir leis an gcomhaontú idirnáisiúnta atá beartaithe i ndáil le sonraí PNR a aistriú agus a phróiseáil idir an tAontas agus Ceanada, comhaontú a síníodh an 25 Meitheamh 2014. Chinn an Chúirt nach bhféadfaí an comhaontú a thabhairt i gcrích san fhoirm a beartaíodh dó toisc go raibh roinnt dá fhorálacha ar neamhréir leis na cearta

---

4 Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, IO L 119, 4.5.2016, lch.132–149.

5 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/681 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, COM(2020) 305 final. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil (SWD(2020) 128 final).

6 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

7 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

8 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR)
a phróiseáil agus a aistriú chuig Seirbhís Custaim agus Cosanta Teorann na hAstráile, IO L 186, 14.7.2012, lch. 4. Tá an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht chomhpháirteach ar an gcomhaontú sin ar siúl faoi láthair.

9 Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le húsáid agus aistriú taifead ar ainmneacha paisinéirí chuig Roinn Slándála Baile na Stát Aontaithe, IO L 215, 11.8.2012, lch. 5. Tá an meastóireacht chomhpháirteach ar an gcomhaontú seo ar siúl faoi láthair.

10 Tuairim 1/15 ón gCúirt (an seomra mór), an 26 Iúil 2017.

bunúsacha maidir le príobháideachas agus le cosaint sonraí pearsanta a chosnaítear leis an gCairt. Go háirithe, rinne an Chúirt na forálacha ábhartha de chuid na Cairte a léirmhíniú mar fhorálacha óna dteastaíonn coimircí sonracha maidir le maoirseacht ag údarás neamhspleách, próiseáil sonraí íogaire, próiseáil uathoibríoch sonraí PNR agus neamh-idirdhealú, cuspóirí a bhféadfar sonraí PNR a phróiseáil ina leith, agus sonraí PNR a choinneáil, a úsáid, a nochtadh agus a aistriú tuilleadh. Tar éis don Chomhairle treoracha caibidlíochta a ghlacadh i Nollaig 2017, chuir an Coimisiún tús le caibidlíocht nua PNR le Ceanada i Meitheamh 2018.

Ar bhonn níos ginearálta, tá méadú ag teacht ar líon na dtríú tíortha atá ag bailiú sonraí PNR ó aeriompróirí agus chuaigh roinnt acu i dteagmháil leis an gCoimisiún le blianta beaga anuas chun a chur in iúl gur spéis leo comhaontú idirnáisiúnta maidir le PNR a thabhairt i gcrích leis an Aontas Eorpach. In éagmais bunús dlí lena gceadaítear sonraí a aistriú, bíonn ar aeriompróirí déileáil le coinbhleacht dlíthe, agus bíonn siad i mbaol fíneálacha agus smachtbhannaí eile. Ag an am céanna, mar thoradh ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/681, tá Ballstáit an Aontais ag iarraidh ar aeriompróirí ó thríú tíortha sonraí PNR a aistriú chuig a nAonaid Faisnéise faoi Phaisinéirí. Dhiúltaigh roinnt tríú tíortha aistrithe den sórt sin – agus tá cinn eile ag bagairt sin a dhéanamh – mar bheart díoltais toisc nach féidir sonraí PNR a fháil ón Aontas, rud a chuirfeadh isteach ar éifeachtacht shásra an Aontais maidir le PNR.

Cur chuige an Aontais maidir le sonraí PNR a aistriú chuig tríú tíortha, tá sé ann ó bhí 2010 ann[11], tráth nár tharla ceachtar de na nithe seo a leanas fós – Treoir (AE) 2016/681 a ghlacadh, an t-athchóiriú ar chreat an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus Tuairim 1/15 ón gCúirt Bhreithiúnais. Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála don tréimhse 2020 go 2025, beartaítear inti athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige mar ghníomhaíocht mheántéarmach[12].

3. SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Cúlra

Tacaíonn an tAontas go láidir le caighdeáin nua idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le PNR agus chuir sé go gníomhach le mionsaothrú na SARPanna a leagtar síos i Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9.

Ábhar Roinn D, Caibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Leasú 28, baineann sé le réimse ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), toisc go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do na comhrialacha maidir le PNR agus cosaint sonraí.

Dá réir sin, le linn an phlé laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin ICAO, bhí cur chuige Bhallstáit an AE agus an Choimisiúin (mar bhreathnóir) bunaithe ar na treoshuímh a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle an 28 Samhain 2019 lena leagtar síos seasamh an Aontais[13]. Léiríonn an seasamh seo ceanglais chreat dlíthiúil an Aontais maidir le

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gcur chuige domhanda i leith sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chuig tríú tíortha, COM (2010) 492 final.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála, COM (2020) 605 final.

[13] Cinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle an 28 Samhain 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i dtaca leis an athbhreithniú ar Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 (Saoráil) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta i leith caighdeán agus cleachtas molta i ndáil le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí, IO L 318, 10.12.2019, lch. 117-122.

PNR agus cosaint sonraí, go háirithe faoi Threoir (AE) 2016/681, Rialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680, agus faoin gCairt faoi mar a léirmhínítear é i gcásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais, go háirithe Tuairim 1/15.

An 25 Márta 2020, d'fhormhuinigh Comhairle an Aontais Eorpaigh seasamh breise ón Aontas[14] maidir leis an bhfreagra ar litir stáit 2020 4E ICAO trínar chuathas i gcomhairle le Stáit Chonarthacha maidir leis na dréacht-SARPanna. Ba dhíol sásaimh don seasamh an obair a rinne ICAO chun SARPanna a fhorbairt, agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, agus PNR á phróiseáil. Dá bhrí sin, thíolaic sé togra maidir le dréachtú arb é is aidhm dó Caighdeán 9.34 (ansin dréacht) a leasú. Ba é an cuspóir a bhí leis téacs an Chaighdeán seo a athneartú chun a áirithiú go léirítear go soiléir sna SARPanna cumas na Stát Conarthach ceanglais níos déine a bhunú maidir le aistrithe sonraí PNR.

An próiseas athbhreithnithe tar éis an chomhairliúcháin Stáit, ní mór a thabhairt faoi deara nár chuir Rúnaíocht ICAO san áireamh agus an próiseas sin ar bun, nár chuir siad san áireamh na moltaí maidir le dréachtú a thíolaic Ballstáit an AE, ná na leasuithe a mhol aon Stát conarthach eile de chuid ICAO, agus gur choinnigh sí an dréacht-téacs a tháinig ón bPainéal Éascaithe ag an gcruinniú a bhí aige in Eanáir 2020. Ina ionad sin, mhol Rúnaíocht an ICAO '*Stáit a bhfuil moltaí déanta acu chun an fhoráil a leasú, ba cheart cuireadh a thabhairt dóibh a moladh chun an téacs i Mír 9.34 a leas a chur faoi bhráid an chéad chruinnithe eile a bheidh ag an bPainéal um Éascú (FALP/12), atá beartaithe do mhí Iúil 2021*'.

An 23 Meitheamh 2020, le linn an chruinnithe a bhí ag Comhairle ICAO inar glacadh Leasú 28, leag Ballstáit an Aontais béim arís ar a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht is gá a bhaint amach idir infhaighteacht sonraí agus cosaint sonraí, agus thagair siad do sheasaimh thuasluaite an Aontais faoi mar a tíolacadh iad le linn phróiseas comhairliúcháin an Stáit. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leibhéil arda cosanta sonraí a áirithiú agus rinne siad tagairt shainráite do na hoibleagáidí a eascraíonn as creat dlíthiúil an Aontais. Go háirithe, leag Ballstáit an Aontais béim ar an tábhacht a bhaineann le SARPanna, go háirithe SARPanna Chaighdeán 9.34, Caighdeán a d'áitigh na Ballstáit ba cheart a léirmhíniú ar bhealach a cheadódh do na Ballstáit an cumas a choinneáil a cheangal ar Stáit chonarthacha eile a léiriú ní hamháin go gcomhlíonann a gcreat dlíthiúil na SARPanna, ach go gcomhlíonann sé caighdeáin níos airde maidir le cosaint sonraí freisin, go háirithe i ndáil le haistrithe sonraí PNR a chumasú, nuair a éilíonn a gcreat dlíthiúil baile sin.

3.2. An seasamh a mholtar

An togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle, tá gá leis chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le glacadh na SARPanna nua PNR ag Comhairle ICAO, chun sin a ghlacadh laistigh den tréimhse a leagtar síos i litir Stáit CE 6/3-20/71 ó ICAO.

Tá na SARPanna nua PNR a leagtar amach i Leasú 28 (Roinn D, Caibidil 9 d'Iarscríbhinn 9) ag teacht den chuid is mó le seasamh an Aontais a chumhdaítear i gCinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle. Mar sin, leagtar síos coimircí uaillmhianacha leo maidir le cosaint sonraí, go háirithe maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, maoirseacht ag údarás neamhspleách, sonraí íogaire, próiseáil uathoibríoch sonraí PNR agus neamh-idirdhealú, cuspóirí a bhféadfar sonraí PNR a phróiseáil ina leith, agus sonraí PNR a choinneáil, a úsáid, a nochtadh agus a aistriú tuilleadh.

[14] Seasamh an Aontais maidir leis an bhfreagra ar litir Stáit ó ICAO a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 (Éascú) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta i ndáil le caighdeáin agus cleachtais mholta maidir le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí – Formheas, ST 6744 2020 INIT.

Is é tuairim an Choimisiúin go bhfágann na SARPanna go bhféadfar dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le cosaint agus úsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, níor cheart do Bhallstáit an Aontais fógra a thabhairt faoi aon mhíshástacht faoi Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, go háirithe ós rud é go mbainfeadh an fógra sin an bonn de na hiarrachtaí caighdeáin níos airde a bhunú maidir le sonraí PNR a chosaint ar fud an domhain dá gcuirfí i gcomparáid iad le rialacha reatha ICAO maidir le PNR.

Cuirtear san áireamh leis na SARPanna freisin, i gCaighdeán 9.34(b), go bhféadfaidh na Stáit chonarthacha – ar nós Bhallstáit an Aontais go bhféadfaidh siad an cumas a choinneáil leibhéil níos airde cosanta a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil agus riaracháin baile, agus socruithe breise a dhéanamh le Stáit eile chun forálacha níos mionsonraithe a bhunú maidir le haistriú sonraí PNR. Faoi dhlí an Aontais, sonraí PNR a próiseáladh san Aontas, a n-aistriú sin ag aerlínte chuig údarás um fhorfheidhmithe dlí i dtríú tír, ní mór dó na ceanglais seo a leanas a shásamh go háirithe – ceanglais Chaibidil V de RGCS agus na ceanglais sin a eascraíonn ón gCairt, faoi mar a shonraítear go háirithe i dTuairim 1/15 ón gCúirt. Tá na ceanglais sin níos beaichte ná mar a cheanglaítear faoi na SARPanna PNR atá i Leasú 28.

Sa chomhthéacs sin, le Caighdeán 9.34(a) cuirtear de cheangal ar Stáit Chonarthacha gan bac na cosc a chur ar aistriú sonraí PNR chuig Stát Conarthach eile a chomhlíonann na SARPanna; níl teanga reatha Chaighdeán 9.34 soiléir go leor i dtéarmaí dlíthiúla ó thaobh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát de chun a áirithiú nach gcuirfear cosc ar na Ballstáit na ceanglais sin a fhorchur d'ainneoin Chaighdeán 9.34.

Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún gur cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhifríocht de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Ba cheart an difríocht sin, a thuairiscítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, a bheith teoranta go docht don mhéid is gá chun aon amhras a sheachaint maidir leis an saincheart atá ag Ballstáit an Aontais ceanglais níos beaichte a fhorchur maidir le sonraí PNR a aistriú chuig tríú tíortha, agus, dá bhrí sin, bac a chur ar aistrithe den sórt sin mura gcomhlíonfar na ceanglais sin.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE is cuma cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[15].

[15] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64: [..] tá an tAontas Eorpach, cé nach páirtí i gComhaontú OIV é, *i dteideal seasamh a bhunú atá le glacadh thar a cheann* maidir leis na moltaí sin, i bhfianaise a dtionchar díreach ar acquis an Aontais Eorpaigh sa réimse sin.]

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais*'[16].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é ICAO a bunaíodh le comhaontú idirnáisiúnta, mar atá Coinbhinsiún Chicago.

Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, tá caighdeáin atá ceangailteach, i bprionsabal, ar chomhaltaí ICAO, comhaltaí a bhfuil Ballstáit den Aontas ina measc, agus dá bhrí sin is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Braitheann cuid de na héifeachtaí dlíthiúla sin, áfach, ar fhógra a thabhairt faoi dhifríochtaí, agus ar théarmaí an fhógra sin. Dá bhrí sin, tagann glacadh sheasamh an Aontais i ndáil le fógra den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE.

Éifeachtaí dlíthiúla na gcaighdeán agus difríochtaí ár bith a bhfuil togra le tabhairt ina leith, tagann siad faoi réimse a chumhdaítear le dlíthe an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2016/681 chomh maith leis na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le PNR. Tá sé i gceist leis sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith an ábhair sin.

Níl sé i gceist le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí go ndéanfar creat institiúideach chomhaontú Chicago a fhorlíonadh nó a leasú.

4.2. Bunús dlí nós substainteach

4.2.1. Prionsabail

Cuspóir agus ar ábhar an ghnímh a nglactar seasamh ina leith thar ceann an Aontais, is air sin go príomha a bhraitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE. Má tá dhá aidhm á saothrú ag an ngníomh nó má tá dhá chuid ann agus más féidir ceann amháin de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus nach bhfuil sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach amháin, mar atá an bunús sin a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh a shaothraíonn roinnt cuspóirí ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann agus iad i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile, caithfear na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla a chuimsiú, go heisceachtúil, i mbunús dlí substainteach cinnidh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Le leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, saothraítear cuspóirí agus comhpháirteanna i réimsí na cosanta sonraí agus an chomhair phóilíneachta. Tá na heilimintí seo i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas i mbunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe: Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a) CFAE.

[16] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar Ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhaineann le Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 Roinn D a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus pointe (a) d'Airteagal 87(2) , i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO, lena n-áirítear an Comhthionól agus comhlachtaí teicniúla eile.

(3) De Bhun phointe (l) d'Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO chun caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais faisnéise (SARPanna) a ghlacadh.

(4) Chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sa Rún 2396 (2017) uaidh an 21 Nollaig 2017 ('UNSCR 2396 (2017)') go bhfuil Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun an cumas a fhorbairt sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, ar mhaithe le SARPanna ICAO a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go n-úsáideann a n-údaráis inniúla náisiúnta uile na sonraí PNR agus go gcomhroinntear leo iad, agus lánurraim á thabhairt do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, chun cionta sceimhlitheoireachta agus taisteal gaolmhar a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

(5) D'áitigh UNSCR 2396 (2017) ar ICAO oibriú lena Stáit Oiliúna freisin chun caighdeán a bhunú maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint.

(6) Leagtar amach na SARPanna maidir le PNR i Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Rinneadh comhlánú ar na SARPanna sin le treoir bhreise, go háirithe Doiciméad 9944 ICAO lena leagtar amach treoirlínte maidir le PNR.

(7) An 23 Meitheamh 2020, ghlac Comhairle ICAO Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ina leagtar amach, i Roinn D de, TACAR nua SARPanna dá Stáit chonarthacha chun CUMAs a fhorbairt chun sonraí a PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint le haghaidh eitiltí chuig a gcríoch agus a gcríoch, agus creat iomchuí dlíthiúil agus riaracháin mar thacaíocht léi.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, ach amháin má chláraíonn tromlach de na Stáit chonarthacha a míshástacht, tiocfaidh éifeacht le Leasú 28 trí mhí tar éis an spriocdháta chun míshástacht a chlárú.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát Conarthach caighdeáin nó nósanna imeachta idirnáisiúnta a chomhlíonadh ar gach bealach nó más dofheidhmithe dó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta tar éis leasú ar an gcaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta sin, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tá an Stát sin le fógra láithreach a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta. Tá tionchar ag fógra faoi dhifríocht den sórt sin ar éifeachtaí dlíthiúla na Rialachán ag ICAO. Dá bhrí sin, tá seasamh an Aontais maidir leis an ábhar le bunú i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

(10) Tugadh fógra do Stáit chonarthacha ICAO faoi Leasú 28 trí bhíthin Litir Stáit CE 6/3-20/71. De réir na sraithe Stáit sin, tá fógra le tabhairt faoi aon athrú i dtaca leis an leasú sin agus comhlíonadh an leasaithe sin faoin 30 Eanáir 2021.

(11) Tá comhrialacha maidir le PNR glactha ag an Aontas i dTreoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], treoir a bhfuil raon feidhme aici a bhfuil forluí mór ann leis an réimse atá cumhdaithe ag an SARPanna atá i Leasú 28. Tá TACAR cuimsitheach rialacha, go háirithe, san áireamh i dTreoir (AE) 2016/681 chun coimirciú a dhéanamh ar na cearta bunúsacha chun bunúsacha a dhéanamh agus chun cosaint sonraí pearsanta i gcomhthéacs aeriompróirí a bheith ag aistriú sonraí chuig PNR sonraí agus próiseáil sonraí den sórt sin chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

(12) Tá reachtaíocht maidir le cosaint sonraí pearsanta glactha ag an Aontas freisin, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [19], is infheidhme maidir le próiseáil sonraí PNR ag aeriompróirí agus ag oibreoirí eile agus údaráis, faoi seach, atá inniúil maidir le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a phostálacha agus pionóis a fhorghníomhú, n-áirítear an coimirciú i gcoinne bagairtí lena mbaineann phoiblí agus bagairtí don phoiblí a chosc.

(13) Ina theannta sin, tá dhá chomhaontú idirnáisiúnta maidir le próiseáil agus aistriú sonraí PNR i bhfeidhm faoi láthair idir an tAontas agus an tríú tíortha, mar atá an Astráil[20]

---

[17] Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí mar an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

[18] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[19] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun críocha coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[20] Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí taifid ainmneacha paisinéirí (TAP) arna bhfoinsiú san Aontas Eorpach chuig Seirbhísí Rialtais agus Cosanta Teorann na hAstráile (IO L 186, 14.7.2012, lch. 4).

agus na Stáit Aontaithe[21]. An 26 Iúil 2017 thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a Tuairim 1/15[22] uaithi maidir leis an údarás idirnáisiúnta atá beartaithe i dtaca le PNR PNR a aistriú agus a phróiseáil idir an tAontas agus an tAontas Ceanada (2014).

(14) Maidir leis na gnéithe a bhaineann le PNR de Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, arna leasú le Leasú 28, baineann siad le réimse a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith de bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, toisc go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do na comhrialacha maidir le sonraí PNR a chosaint agus a phróiseáil.

(15) Dá réir sin, is é i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle[23] a rinneadh seasamh an Aontais maidir leis an ábhar seo chun an méid a dhéanamh Leasú 28 de a mhionsaothrú. Léiríonn an seasamh sin dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta agus aistrithe sonraí PNR chuig tríú tíortha, go háirithe faoi Rialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680 agus Treoir (AE) 2016/681, chomh maith leis na ceanglais sin atá mar thoradh ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe i dTuairim 1/15. Bhí an seasamh ábhartha don phlé a bhí ar siúl i gcomhlachtaí ullmhúcháin ICAO agus don vótáil chríochnaitheach i gComhairle ICAO.

(16) Is i gcomhréir, den chuid is mó, le seasamh an Aontais a chumhdaítear i gcinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle atá ann faoi na SARPanna atá i Leasú 28 agus atá leagtha síos maidir le cosaint sonraí, go háirithe maidir le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, maoirseacht ag Údarás neamhspleách, sonraí íogaire, próiseáil uathoibríoch sonraí PNR agus neamh-idirdhealú, cuspóirí a bhféadfar sonraí a PNR a phróiseáil ina leith, agus sonraí PNR a choinneáil, a úsáid, a nochtadh agus a tuilleadh aistriú.

(17) Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta le Leasú 28 maidir leis na caighdeáin chun PNR a chosaint, nó do Bhallstáit an Aontais aon mhíshásamh a chur in iúl faoi Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago.

(18) Mar sin féin, tá na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais i ndáil le haistriú agus próiseáil sonraí PNR"; na SARPanna atá i Leasú 28.

(19) Ceanglaíonn Caighdeán 9.34(a) ar Stáit chuibhiúil gan bac ná cosc a chur ar aistriú sonraí PNR chuig Stát conarthach eile a chomhlíonann na SARPanna. Cé go gcoinníonn na Stáit chonarthacha, de réir Chaighdeán 9.34(b), an cumas leibhéil níos airde cosanta a choinneáil nó a thabhairt isteach i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil agus riaracháin intíre, agus socruithe breise a dhéanamh le Stáit chonarthacha eile d'fhonn forálacha níos mionsonraithe a bhunú maidir le haistriú sonraí PNR, níl teanga reatha Chaighdeán 9.34 soiléir go leor i dtéarmaí dlíthiúla ó thaobh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát de chun a áirithiú nach gcuirfear cosc ar na Ballstáit na ceanglais sin a fhorchur d'ainneoin Chaighdeán 9.34.

---

[21] Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le taifid ainmneacha paisinéirí a úsáid agus a aistriú chuig Roinn Slándála Dúiche na Stát Aontaithe (IO L 215, 11.8.2012, lch. 5).

[22] Tuairim 1/13 ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 26 Iúil 2017 (Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada i dtaca le Taifid Ainmneacha Paisinéirí), ECLI:EU:C:2017:592.

[23] Cinneadh (AE) 2019/2107 ón gComhairle an 28 Samhain 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar cheann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i dtaca leis an athbhreithniú ar Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 (Saoráil) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta i leith caighdeán agus cleachtas molta i ndáil le sonraí mar an taifead ainmneacha paisinéirí (IO L 318, 10.12.2019, lch. 117).

(20) Sna himthosca sin, d'fhonn a áirithiú go bhfuil an tAontas agus na SARPanna, tá sé CEART do na Ballstáit fógra foirmiúil a thabhairt faoi dhifríocht de réir Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Is CEART aon difríocht den sórt sin a bheith Teoranta do Chaighdeán 9.34 i Roinn D de Chaibidil 9 d'Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis, arna athbhreithniú le Leasú 28.

(21) Is iomchuí, dá bhrí sin, seasamh an Aontais a bhunú dá réir sin.

(22) Tá Éire faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/681 agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an tairiscint seo.

(23) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(24) Ba cheart do na Ballstáit seasamh an Aontais a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar Ceann an Aontais mar fhreagra ar Litir Stáit CE 6/3-20/71, a d'eisigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) an 17 Iúil 2020, leagtar amach an seasamh sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo.

Airteagal 2

Déanfaidh Ballstáit an Aontais an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar Cheann na Comhairle
An tUachtarán